CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/1611 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 13 Meán Fómhair 2022

maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1010 (BiH/33/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES ón gComhairle an 12 Iúil 2004 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/570/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin ("Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh").

(2) An 8 Deireadh Fómhair 2018, chinn an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i bprionsabal, gur cheart Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip a cheapadh mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh amhail ón 29 Márta 2019, faoi réir ECAT a dhearbhú go mbeadh sé ar fáil.

(3) An 7 Nollaig 2018, dhearbhaigh Comhairle an Atlantaigh Thuaidh go mbeadh Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha ar fáil chun ról Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a ghlacadh faoi na socraíochtaí dá ngairtear "Beirlín Plus", amhail ón 29 Márta 2019.

(4) An 2 Iúil 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/1010 ([2]) lena gceaptar an Maor-Ghinearál Brice HOUDET, Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha, mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh amhail ón 18 Iúil 2020.

(5) An 1 Meán Fómhair 2022, chinn ECAT an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU a cheapadh mar Leas-Cheann Foirne Ard-Cheanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha, in ionad an Leifteanant-Ghinearál Brice HOUDET amhail ón dáta sin. Ón dáta sin amach, ba cheart go dtiocfadh an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU in ionad an Leifteanant-Ghinearál Brice HOUDET ina cháil mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh.

(6) An 7 Meán Fómhair 2022, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go n-ainmneofaí an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh amhail ón 1 Meán Fómhair 2022.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2020/1010 a aisghairm.

(8) An 12 agus an 13 Nollaig 2002, ghlac Comhairle Eorpach Chóbanhávan dearbhú lena ndearbhaítear nach mbeidh feidhm ag na socraíochtaí dá ngairtear "Beirlín Plus" agus a gcur chun feidhme ach amháin maidir leis na Ballstáit sin den Aontas is comhaltaí freisin de ECAT nó páirtithe i "gComhpháirtíocht na Síochána", agus a bhfuil comhaontuithe déthaobhacha slándála tugtha i gcrích acu le ECAT,

([1]) IO L 252, 28.7.2004, lch. 10.

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1010 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 2 Iúil 2020 maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2019/264 (BiH/29/2020) (IO L 224, 13.7.2020, lch. 7).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Leifteanant-Ghinearál Hubert COTTEREAU, Leas-Phríomhoifigeach Foirne Ard-Ceanncheathrú na gCumhachtaí Comhghuaillíocha san Eoraip mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin amhail ón 1 Meán Fómhair 2022.

Airteagal 2

Aisghairtear leis seo Cinneadh (CBES) 2020/1010.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach